

AN LINN BHUÍ

Iris Ghaeltacht na nDéise

UIMHIR 15

in eagar ag

PÁDRAIG Ó MACHÁIN

AGUS

AOIBHEANN NIC DHONNCHADHA

Leabhair na Linne
2011

Gach ceart ar cosnamh. Níl sé ceadaithe aon chuid den bhfoilseachán so a atáirgeadh, ná a thaisceadh i gcóras athfhála, ná a sheachadadh go leictreonach, go meicniúil, tré fhótachóipeáil, nó tré thaifeadadh, nó in aon tslí eile nó tré mheán eile ar bith, gan cead scríofa roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Arna fhoilsiú ag Leabhair na Linne, Ráth Oisín, Crois Phádraig, Co. Chill Chainnigh; agus 115 Páirc Uastún, Dún Droma, Baile Átha Cliath 14. Guthán: 056-8831347

Gabhtar buíochas leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, agus le hÚdarás na Gaeltachta, a thug cúnamh chun an t-imleabhar so a fhoilsiú.

Iaruimhreacha de AN LINN BHUÍ le fáil i gcónaí: 086 3941197.

Chúdach: Séamus Tóibín (9.1.1879–20.12.1952), Baile Uí Raghallaigh (athair Niocláis amhránaí) 1946. Pádraig Ó Mathúna a thóg an sampla, agus is lena chaoinead san a foilsítear anso é.

Lena gcaointhead so leanas a foilsítear na samplaí seo: Moya Bean Uí Dhomhnaill (†2006, lch 20); Máire Ní Mhuirithe Uí Mhacháin (lgh 40, 47); Neans Uí Bhróithe (lch 33); Nioclás Ó Gríobhtháin (lgh 116, 138); Máire Áine Ní Mhacháin (lgh 65, 74, 147, 149).

I bPoblacht na hÉireann a cuireadh an leabhar so i gcló.

	<i>lch</i>
Ríomháireamh na nÉan i bPort Láirge, 2006–2011	
<i>Deaglán Mac Craith agus Pól M. Breathnach</i>	1
Oisreoirí ón Oirthear	
<i>Clíodhna Mhic Ghiolla Chuda</i>	9
Dul Gaedhealainne na nDéise	
<i>Nioclás Mac Craith</i>	14
Bás um Cháisc	
<i>Michéal Ó Cionnshaoilaidh</i>	24
Tuilleadh Scéalta agus Seanchais ó Chnuasach an Dr Piaras de Hindeberg, S.J.	
<i>Michéal Ó Drisleáin</i>	25
Muiris Ó Debhín, 1798–1902	
<i>Proinsias Ó Cuanaigh</i>	49
Im Scoláire i Scoil Náisiúnta na Rinne	
<i>Catherine Foley</i>	54
<i>Donnchadh Ruadh</i> le Séamus Ó hAodha, dráma	
<i>Pádraig Ó Liatháin</i>	59
Ar Seachrán sna Himiléithe	
<i>Seán Mac Coisdealbha</i>	78
Séamus Ó hEocha – An Fear Mór (1880–1959)	
<i>P. Aonghus Ó hEocha</i>	84
Aithbheochaint an Oireachtais, 1961	
<i>Nioclás Mac Craith</i>	92
Caighdeánú na Gaeilge	
<i>Noel P. Ó Murchadha</i>	98

An tAthair Uinseann Ó Maidín OCSO <i>Séamus Ó Diollúin</i>	107
Ar Bhóthairín na Smaointe <i>Cárthach Mac Craith</i>	117
Litir ó Risteard Ó Muirriain chun Phiarais Mhic Gearailt <i>Breandán Ó Cróinín</i>	129
Dán le Pádraig Denn <i>Pádraig Ó Macháin</i>	139
Paddy Vaughan 1923–2010 <i>PÓM</i>	145
Muiris Budhlaeir <i>Máire Ní Chéilleachair</i>	150
Siobhán Ní Mhurthuile, Bean de Lioncól, 1919–2010 <i>Risteard de Lioncól</i>	155
Pádraig Ó Dálaigh, 1923–2009 <i>Liam Mac Cionnaith</i>	158
Slán le hArt <i>Irene Ní Fhlanagáin</i>	161
Seán Ó Conchubhair, 1928–2010 <i>Nioclás Mac Craith</i>	163
Piaras Mac Gearailt, Máire Ní Dhonnagáin agus ‘Bata na Bachaille’ in Iarthar Déise <i>Ciarán Ó Gealbháin</i>	167
In Iothlainn Dé	174
Leabhair dá bhFacamair	184
Nótaí Beathaisnéise	196

Litir ó Risteard Ó Muirriain chun Phiarais Mhic Gearailt

Breandán Ó Cróinín

TÁ AN LITIR ghairid ghleoite seo a chuir Risteard Ó Muirriain ag triall ar Phiaras Mac Gearailt, nó Ard-Sirriam Leithe Mogha mar a tugtaí air go coitianta, ar marthain i lámhscríbhinn ARÉ 23 L 38 (304), a bhreac an Muirrianach féin i gCo. Phort Láirge sa bhliain 1767. Cé ná luaitear ainm bhaiste an Ghearltaigh in aon áit anso – ní deintear ach aon tagairt amháin do shloinne an fhile ardchlúitigh sa chéad líne – is soiléir, dar liom, ó abhar na litreach, gurbh é chun an Ard-Sirriam féin a seoladh í. Ní hamháin go dtugann an litir éachtaint ana-shuimiúil dúinn ar an saghas comhfhreagrais a bhí coitianta, ní foláir, i measc an aosa léinn i gCúige Mumhan san ochtú haois déag ach, ina theannta san, soláthraíonn sí sampla ana-bhreá de Ghaelainn shaibhir, liteartha na hochtú haoise déag dúinn chomh maith. Ós rud é gur Dhéiseach ab ea an té a scrígh an litir seo, agus gur Dhéiseach eile an té gur seoladh chuige í, deirim amach go gcuirfidh lucht léite na hirise seo suim inti.

Níor tháinig slán chughainn, de réir cosúlachta, ach trí cinn de lámhscríbhinní ó láimh Risteard Uí Mhuirriain, agus, cé gur bhreac sé gach a bhfuil sa lámhscríbhinn ina dtagaimid ar an litir seo, ní leis ach roinnt bheag dá bhfuil sa dá cheann eile. Sid iad na trí lámhscríbhinní: (i) ARÉ 23 L 38 (304) gur scríobhadh an 74 éigin leathanach atá inti idir na blianta 1765 agus 1767; (ii) Maigh Nuad C 102 gur scrígh Ó Muirriain thart ar 18 leathanach di sa bhliain 1765 ‘chum usaide Líaghaim Mhic Gearailt’ éigin; (iii) Maigh Nuad C 72 ina bhfuil 36 leathanach i láimh Uí Mhuirriain agus é i mbun oibre sa bhliain 1767.¹ Dar le hEoghan Ó Súilleabháin gur ‘dócha gur fíodóir a bhí ann agus gur chaith sé a shaol i nDún Garbhán’ agus, go deimhin, bheadh sé deacair níosa mhó a rá mar gheall ar an scríobhaí seo, mar le heolas beathaisnéise dhe ach go háirithe, toisc ná fuil mórán in aon chor le rá aige mar gheall air féin in aon cheann des na lámhscríbhinní seo dá chuid. Seo a leanas an méid colais a thugann sé ina thaobh féin sa lámhscríbhinn ina bhfaighimid an litir seo inniu:

Air na sgríobhadh le Risteard Ó Muirriain abhuir feadoira ar an fhíodarocht do dongaravan an mblacpobhl an t-ocht mhughadh midhe 1765. Wrote by me Rich Ryan of Ballintle in the old parish.²

Cé go dteaspánann Ó Muirriain dúinn sa litir seo go raibh féith na scríbh-neoireachta go smior ann, ní fios dúinn arbh amhlaidh go raibh sé ina fhile chomh maith lena bheith ina chóipeálaí lámhscríbhinní agus ina abhar fíodóra. Ní dóigh liom, áfach, go gcuirfeadh sé aon iontas orainn in aon chor dá bhfaighimist amach gur thug sé fé fhilíocht a chumadh é féin uair éigin, ach má chum sé roinnt bheag dánta nó amhrán dá chuid féin is cosúil ná maireann aon líne dhíobh inniu.³ Tá's againn, ar aon nós, gur chaith sé tamaillín beag dá shaol, ar a laghad, ag cóipeáil lámhscríbhinní Gaelainne agus, cé nárbh é an grafnóir ba shlachtmhaire nó ba chúramaí amuigh é, déarfainn go raibh sé eolgaiseach go maith ar cheird an scríobhaí agus níl aon amhras ná go raibh ana-chur amach aige, de dheascaibh an obair chóipeála so ar fad, ar shaothar fhilí na Mumhan trí chéile mar, ní nach iontach, is í filíocht na Mumhan is mó atá le fáilt againn ina chuid lámhscríbhinní.

Tá teacht againn, mar sin, i lámhscríbhinní Uí Mhuirriain, ar chóipeanna d'aistí filíochta ó fhilí éagsúla Chúige Mumhan, idir fhilí cháiliúla, fhilí anaithnid agus mhionfhilí, agus idir fhilí a bhí fós beo le linn don Muirrianach a bheith i mbun cóipeála agus fhilí a bhí imithe leis an ngleoraitheo i bhfad roimis sin. I measc na ndrachaí seo tá dánta, amhráin, barántais agus burdúin de chuid Sheáin Chláraigh Mhic Dhomhnaill, Dhonnchaidh Chaoch Uí Mhathúna, Aindriais Mhic Craith, Mhuiris Mhic Dháibhí Dhuibh Mhic Gearailt, Eadbhaird de Nógla, Shéafra Uí Dhonnchadha an Ghleanna, Liam Inglis, Uilliam Mhic Cairteáin, Thaidhg Ghaelaigh Uí Shúilleabháin, Aogáin Uí Rathaile agus, gan amhras, Phiarais Mhic Gearailt.

Ní dócha gur gá dhom mórán a rá i dtaobh an fhile dheireannaigh atá luaite agam anso mar, fiú amháin más fíor ná fuil clú agus cáil fé mar ba cheart a bheith ar Phiaras Mac Gearailt ar fuaid na hÉireann inniu, is deimhnitheach go raibh ardcháil is dea-theist air mar fhile agus go raibh sé fé ardghradam ag Éigse na Mumhan san ochtú haois déag. Dob é Piaras, fé mar atá luaite agam thuas, an té go dtugtaí 'Ardsirriam Leithe Mogha' air agus é ina 'cheannchomhairle' ar chúirt filíochta a tionólaí go rialta, is cosúil, ó lár na hochtú haoise déag ar aghaidh i mBarúntacht Uí Mac Coille in oirthear Chorcaí. Is cinnte, mar sin, go raibh seasamh agus stádas ag an nGearaltach i measc fhilí na Mumhan agus is dócha go raibh sé ar dhuine des na daoine ba mhó le rá i gciorcail liteartha na Gaelainne san ochtú haois déag. Tá's againn go mbíodh caidreamh aige ar roinnt d'fhilí móra na haoise sin agus ina theannta san, dhealródh sé, ar lucht cóipeála na lámhscríbhinní

inar seachadadh a saotharsan. Ní haon iontas in aon chor é, mar sin, go mbeadh aithne ag Piaras Mac Gearailt ar Risteard Ó Muirriain.⁴

Dhá dhán de chuid Phiarais atá tagtha anuas chughainn i láimh Uí Mhuirriain, mar atá, 'Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomthain'⁵ agus 'Caoineadh ar Sheán Paor'⁶ agus, fé mar a tharlaíonn, is iad cóipeanna so Uí Mhuirriain na cóipeanna is sine dá bhfuil ar marthain againn den ndá dhréacht so. Is féidir talamh slán a dhéanamh de, mar sin, go raibh cur amach ana-mhaith ag Ó Muirriain ar shaothar Mhic Gearailt agus, fairis sin, is féidir a thuairimiú, ar bhonn na fianaise a sholáthraíonn an litir seo, go raibh aithne mhaith acu ar a chéile, ar feadh tamaillín ach go háirithe.

Ba dhóigh le duine ón nóta éadtrom pearsanta a bhuaileann Ó Muirriain tríd síos sa litir seo gur 'aithne fairis na seacht n-aithne' a bhí ag an mbeirt seo ar a chéile agus déarfá go bhfuil an chuma ar an scéal go mbídís ag casadh ar a chéile go cuíosach minic i gContae Phort Láirge nó in oirthear Chontae Chorcaí agus é sin ar fad mar gheall ar chúraimí na filíochta agus na litríochta agus ar chúiseanna a bhain le gnóthaí chúirt filíochta Phiarais leis, is dócha. Is follas ón méid atá le rá ag an Muirrianach gur scrígh sé an litir sa chéad ráithe den mbliain sin, míle seacht gcéad seasca is a seacht, tráth go raibh an aimsir fós thar a bheith geimhreata agus cailte go maith, na bóithre 'fliuch, salach, doimhin, doshiúlta' agus gan éinní ag fás ach 'na craobhachaibh 'na bhfoláirimh feoite, fásaigh gan foscadh, gan fothain.' Mara mbeadh sé seo amhlaidh tugann an Muirrianach le fios go dtabharfadh sé (agus comhluadar ina theannta, b'fhéidir) cuairt ar Phiaras agus tugann sé le fios, chomh maith, gur le linn féile nó 'saoire' éigin atá sé i mbun pinn: 'do bheimis it fhochair thoir seal don tsaoire se'. D'fhéadfadh sé gurbh é deireadh shéasúr na Nollag, Lá Fhéile Bríde nó, is é is dóichí ar fad dar liom, Lá Fhéile Pádraig a bhí i gceist aige; ach pé féile nó saoire a bhí ann is dócha ná raibh an Cháisc rófhada uathu agus Ó Muirriain dóchasach gurbh í an dea-aimsir a bheadh chúchu fén am san.

Dob é an príomhchúram a bhí ar an Muirrianach, áfach, agus an litir seo chun an Ghearaltaigh á scríobh aige ná cúrsaí filíochta agus, go sonrach, dán a gheall Piaras a scríobhfadh sé do dhuine de mhunitír Chiarmhic, de réir dealraimh, tráth gur casadh ar a chéile iad i mBaile na Martra, in oirthear Chontae Chorcaí, cóngarach go maith do Bhaile Mhac Códá, mar a raibh a thigh cónaithe ag an nGearaltach. Dar le Ó Muirriain gur gheall Piaras do Mhac Uí Chiarmhic, an t-ógánach 'forasta, flaithiúil, fial' a luaitear anso, go scríobhfadh sé marbhchaoineadh nó feartlaoi ar a bhean chéile a bhí, ní foláir, tar éis bháis. Cuireann an scríobhaí an t-eachtra so i gcuimhne don Ardsirriam agus comhairlíonn dó a bheith aireach nó seachantach, ar a

choimeád fiú, agus leanann air: ‘ní fá aon ní dá raibh eadraibh roimhe-se ach amháin fá gan tusa do chomhlíonadh na geallúna thuas. Ó, a dhuine, is trua mar rugadh thú!’ Is é an trua atá ann ónár dtaobhna dhe, gan amhras, ná nár mhínigh Ó Muirriain a raibh i gceist aige leis an bhfoláireamh so agus, dá bharr san, ní bheidh fhios againn riamh cad é go díreach a thit amach idir an Gearaltach agus Mac Uí Chiarmhich roimhe seo, sé sin le rá má tharla aon cheo eatarthu in aon chor. B’fhéidir, gan dabht, ná raibh ar siúl ag ár scríobhaí anso ach píosa grinn agus, ar aon nós, dar leis an Muirriainach gur chuma leis fén méid seo ar fad dá bhfaigheadh sé an mhairbhne ó Phiaras i ndeireadh na dála. Is fearr déanach ná choíche, gan dabht.

Pé scéal é, ní fios dúinn pé acu ar scrígh an Gearaltach an mhairbhne nó an fheartlaoi seo riamh nó nár dhein agus, má dhein, ní léir dom gur tháinig a leithéid slán chughainn sna lámhscríbhinní. Is é is díol spéise linn anso, i mo thuairim, ná gur loirg Ó Muirriain an mhairbhne ón nGearaltach sa tslí seo agus ba dhóigh le duine dá bharr san go mb’fhéidir gurbh amhlaidh go raibh sé ag feidhmiú mar chléireach nó mar rúnaí ag an Ardsirriam agus é mar chúram air, an babhta so, cóip den mairbhne seo a dh’fháilt ón nGearaltach, í a chóipeáil i gceann dá chuid lámhscríbhinní féin agus cóip eile dhi, b’fhéidir, a chur ar aghaidh chun Uí Chiarmhich. Ach, gan amhras, is deacair dúinn anois a dhéanamh amach conas mar a bhíodar ag obair ach amháin go bhfuil an chuma ar an scéal gur ag obair le chéile a bhíodar.

Ní hamháin ná fuil fhios againn ar scrígh Piaras an mhairbhne seo a bhí á lorg ag Ó Muirriain uaidh riamh ach níl fhios againn, ach oiread, ar chuir Piaras freagra thar n-ais chuige, cé go mba dhóigh le duine go ndéanfadh sé – bíodh an freagra san i bhfoirm filíochta nó i bhfoirm phróis aige. Is cinnte, dar liom, gur thuill an litir bhreá so freagra éigin agus go dtuilleann sé foilsíú anois chomh maith, mar seachas go bhfuil tábhacht éigin stairiúil ag baint le litreacha den tsaghas so inniu – agus táid tearc go maith i measc lámhscríbhinní na Gaelainne i ndáiríribh – is dóigh liom go bhfuil an ceann áirithe seo thar a bheith suimiúil, go háirithe ó thaobh na teangan de sa tslí is gur deacair do dhuine gan spéis a chur i bhfriotal agus i bhfoclóir saibhir Uí Mhuirriain. Cé ná fuil sa litir ach téacs gairid, teaspánann a bhfuil inti go raibh an scríobhaí seo cumasach go maith i mbun cumadóireachta é féin agus gur ag foghlaim a cheirde go dianmhaith a bhí sé agus é i mbun cóipeála. Prós álainn fileata atá i dtéacs na litreach so agus tá an Ghaelainn inti beacht, ceolmhar agus lán d’uaim na filíochta. Tá sé seo le feiscint go háirithe, dar liom, san áit go gcuireann Ó Muirriain clabhsúr leis an litir, ag rá go bhfuil sé i gceist aige geábh a thabhairt ar an nGearaltach in oirthear Chorcaí ach a mbreáthaíonn an aimsir um Cháisc:

an tan do bheidh libhré róshnasta ar na mághaibh 7 ar na machairíbh go mórdhálach 7 na feadha le forás ag scéith i nduilleúir 7 i mbláth, na róid 7 na raonta go huile scriosta, scuabtha gan sú, gan slogadh acht amhail parlúis nó pioláid ríoga ró-álainn dob fhéidir go gcuirfidís fonn frithir, fírinneach orainn súil do thabhairt oraibh i gcionn fhéil’ oirdheirc na bliana .i. an Cháisc.

Agus b’fhéidir gur thug Ó Muirriain cuairt ar Mhac Gearailt agus ar an gcomhluadar liteartha a bhí aige i mBaile Mhac Códa aimsir na Cásca na bliana san, 1767, agus b’fhéidir gur phléadar filíocht agus cóipeáil lámhscríbhinní agus an mhairbhne a bhí le scríobh ar Bhean Uí Chiarmhich agus mórán eile ach, gan amhras, ní fios dúinn anois conas mar a bhí acu.

Saol fada i bhí i ndán don nGearaltach agus tá’s againn go raibh sé ag plé le cúrsaí filíochta chomh déanach leis an mbliain 1791 (cheithre bliana sarar cailleadh é) agus é fós ina Ardsirriam ar an gcúirt filíochta i mBaile Mhac Códa.⁷ Mar leis an Muirriainach, ní heol dom go bhfaighimid aon tuairisc air i ndiaidh na bliana 1767 agus ní fios ar chóipeáil sé mórán eile lámhscríbhinní nó an raibh air a chuid ama agus a chuid fuinnimh a chaitheamh le fíodóireacht nó cad é a bhí i ndán do sa chuid eile dá shaol. Taibhseofaí do dhuine gur fhear réasúnta óg a bhí ann – más fíor gur abhar fíodóra a bhí ann tráth gur scrígh sé an litir seo – agus cá bhfios dúinn ná go mb’fhéidir gur thug Mac Gearailt fé ndeara go raibh cumas sa scríobhaí seo agus gealladh éigin féidh. Ba dheas a shamhlú go mb’fhéidir gur thug Ó Muirriain fé chumadh na filíochta ar deireadh agus go mb’fhéidir go bhfuair sé bheith istigh i gCúirt Phiarais tar éis gur bronnadh pas na filíochta⁸ air ach, pé rud a d’imigh air, mara bhfuil againn uaidh anois ach an litir shuaitinseach so, agus a chuid obair chóipeála, is cinnte gur dhein sé a chion féin mar le caomhnú agus seachadadh an traidisiúin.

Ag so thíos i mo dhiaidh, mar sin, téacs na litreach so ó láimh Risteard Uí Mhuirriain mar atá sí le fáilt in ARÉ 23 L 38 (304), ar leathanaigh 86–7, ach í curtha in oiriúint do léitheoirí an lae inniu ó thaobh litrithe. Dheineas na nota ar fad a scaoileadh ós íseal sa ghnáthshlí agus sholáthraíos foshéimhiú anso is ansúd sa tslí chéanna nuair ba ghá. Is liomsa, gan amhras, an phoncaíocht, na ceannlitreacha agus dealú na n-alt. Ina theannta so, tá leagan dioplamáideach den dtéacs soláthraithe agam don té gur spéis leis a leithéid.

A charaid ionmhain, agus a Ghearaltaigh uasail, oirdheirc, onóraigh, ghasta, ghlinn, bhinnbhriathraigh, is uaigneach, atuirseach, aiféalach atá muid re cian d'aimsir .i. ón uair d'fhágghais an chathair-se óir níor tharlaigh (go fírinneach) aon dod shórd liom ó shoin i leith. Agus bíodh a fhios agat dá madh mhian leat troitheach nó taistealóir do chuir ar feadh Éireann iathghlais uilleannaigh⁹ ag iarraidh tuarascbhála dhuine bhoicht, bhuartha in aigne gurb go nuig mise do ba inteacht do¹⁰ 7 sin uim an abhar réamhráite.

Ach scéal thairis dúinn go fóill, an cuimhin leat gur tharla óglaoch forasta, feidhmiúil,¹¹ fial do chloinn Chiarmhich ort insan mbaile re a ráitear Baile na Martra? Is cuimhin gan amhras, agus biaidh¹² a mhairg dhuit nó atáimse mealltha.¹³ Nár gheallais go humhalchroíoch uait féin do go ndéanfá feartlaoi, mairbhne nó ní éigin dá shórd dá mhnaoi 7 dá bhanchéile insan am chéanna? Is fíor gur gheallais 7 nár chomhlíonais. Ar an abhar sin bí go ró-aireach ar do choimeád féin air 7 go deimhin ní fá aon ní dá raibh eadraibh roimhe-se ach amháin fá gan tusa do chomhlíonadh na gealla¹⁴ thuas. Ó, a dhuine, is trua mar rugadh thú! Ach ní miste a ndúramar má gheibheam anois féin é.

Muna mbeadh go bhfuilid na bóithre fliuch, salach, doimhin, doshiúla 7 na crannaibh 7 na craobhachaibh¹⁵ 'na bhfoláiribh feoite,¹⁶ siatúla, fásaigh gan foscadh, gan fothain 7 gan puinn don bhfáltas againn do bheimis it fhochair thoir seal don tsaoire-se.

Gidheadh is leor a fhaid atáimid gan t'fhaicsin 7 an tan do dhruidfidh an ghrian insa chúrsa sholasmhar, the 7 do bheidh na laethaibh fada, geal, glémhaiseach, an éanlaith glórach, gliúndrach¹⁷ ag cantain ciúil¹⁸ ar chrannaibh 7 ar chraobhachaibh,¹⁹ an tan do bheidh libhré róshnasta ar na mághaibh 7 ar na machairibh go mórdhálach 7 na feadha le forás ag scéith i nduilliúir 7 i mbláth, na róid 7 na raonta go huile scriosta,²⁰ scuabtha gan sú, gan slogadh acht amhail parlúis²¹ nó píoláid²² ríoga ró-álainn, do ba fhéidir go gcuirfidís fonn frithir, fírinneach orainn súil do thabhairt oraibh i gcionn fhéil' oirdheirc na bliana .i. an Cháisc. Bíom síodhach, buíochas do Dhia is grod an tsíocháin í,²³ 7 sin tré chongnamh do shearbhóntaí bhithdhílis go bás .i. Risteard Ó Muirrian. Insa mbliain d'aois ár dTiarna míle ar sheacht gcéad seacht mbliana ar sheascad, 1767.²⁴

Buntéacs na Lámhscríbhinne

Acadamh Ríoga na hÉireann LS 23 L 38 (304): [lch 86] A charuid ionmhain – Agus a gharaltuig uasail oirdheirc onóraicc ghasda ghlinn, bhinnbhriathruig, is uaigneach, atuirseach aighmhéilleach atá muid re cian daimsir .i. ón uair d'fagbhuis an chathirsi óir níor tharluig (go fírinneach) aon dod shórd liom ó shoin a leith, 7 bíodh a fhios agad dá mo mhian leat troitheach nó taisdiollóir do chuir air feadh eirionn iaithghlais uilleanuig, aig iarraidh tuarsgabhladh dhuine bhoicht, bhuarthadh ann aigne gurb go nuig mise do budh inteacht do 7 sin uim an abhar reimraighthe, acht sgeal tairis duinn go fóill, an cuibhin leat gur tharladh ogláoch forsa feamhuil fial do chloinn ciarmhich ort ann san mbaile re aráightear Baile na Martara, is cuibhin gan amhras, agus biadh a mhairig dhuit nó atáimsi mealltha, nár ghealuis go humhal chraoidheach uait féin do, go neanfádh feartlaoi, mairbhne, nó nídh éigin da shórd da mhnaoi 7 da bhanchéile ann san amm chéanna, as fíor gur ghealluis 7 nár chomhlíonnais air an abhar sin bí go róaireach air do choimeád féin air 7 go dimhin ní fa aon nídh dá raibh eadribh roimhesi acht amháin fá gan tusa do chomhlíonadh na gealladh thuas ó adhuine, is truagh mur rugadh thú, acht ní misteadh a nduramur mádh gheibhum anois féin é, muna mbeadh go bhfuilid na bóirthre fluich salach doimhin dochsiubhaltadh 7 na cranaibh 7 na creachaibh na bhfoláiribh féite fiadhtamhladh fásaig gan fosg gan fothain 7 gan puinn don bhfáltas againn do bheithmíos athfhochair hoir seal don tsaoiresi, gidheadh is lór a fhaid atamaoid gan tfaicsin [lch 87] 7 antan do dhruidfidh an ghrian annsa chúrsa sholsmhur the 7 do bheidh na laethaibh fada geal, gleamhaiseach, an aéinlath glórach, gliúndrach ag cantainn ciúil air chrannaibh 7 air chráochaibh, antan do bheidh libhraé rógshnasda air na mághaibh 7 air na machairdhíbh go mórdhálach 7 na feadha le forrthas ag sgéith anduileábhair 7 a mbláth, na róid 7 na raonta go huile sgriosta, sguabtha gan súgha gan slogadh acht amhuil parlúis nó píoláid ríoga róaluinn, do budh fheidir go ccuirfidhdís fonn frithir, fírinneach orainn súil do thabhairt oruibh a ccionn fhéil oirdheirc na bliaghna .i. an cháisc, biadham síodhach, buídhreachas do dhia is grod an tsíocháin í, 7 sin tré chongnamh do shearbhfóghantuidhe bhithdhílis go bás .i. Risteard Ó Muirrian, ann sa mbliaghan deis ar dtiagharna míle air seacht cceád seacht mbliana air seasccad 1767.

Nótaí

1. Féach *Catalogue of Irish Manuscripts in The Royal Irish Academy* Fascúil VI–X, 855–9; Pádraig Ó Fiannachta, *Lámhscríbhinní Gaelige Choláiste Phádraig, Má Nuad* Fascúl VI (Maigh Nuad 1969) 61–2, Fascúl V (Maigh Nuad 1968) 130–32.
2. Féach Eoghan Ó Súilleabháin, 'Scríobhathie Phort Láirge', in *Waterford History and Society* (eag. William Nolan agus Thomas Power, Baile Átha Cliath 1992) 292.
3. Tá, gan dabht, roinnt dánta gan aon ainm curtha leo sna lss a chóipeáil Ó Muirriain ach is ar éigin gur leis féin iad.
4. Tá cuntas cuimsitheach ag Breandán Ó Conchúir ar Chúirt seo Mhic Gearailt in 'Na cúirteanna éigse i gCúige Mumhan', in Riggs et al. (eag.) *Saoi na hÉigse* (Baile Átha Cliath 2000) 55–81. Féach, chomh maith, Breandán Ó Cróinín, 'Filíocht Sheacaibíteach Phiarais Mhic Gearailt', *Eighteenth Century Ireland / Iris an dá Chultúr* 22 (2007) 164–88 mar le cur síos ar shaothar an

Ghearaltaigh. **5.** Tá an aor ana-shuimiúil seo, gur féidir é a áireamh mar cheann de mhórdánta Mhic Gearailt, i gcló agam ó lámhscríbhinn an údair é féin in ‘Aor Phiarais Mhic Gearailt ar Sheán Paor’, *An Linn Bhuí* 13 (2009) 198–216. **6.** Mar leis an gcaoineadh seo de chuid an Ghearaltaigh féach Risteard Ó Foghludha (eag.), *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt* (Baile Átha Cliath 1905) 61–9. **7.** Pas a d’esisigh sé i mí Iúil na bliana san nuair a bhronn sé pas ar Uilliam Ó Troighthe áirithe tráth go raibh sé ‘lágbhríoghach, claoidhte, gan puinn treoir ná tapadh’ dar leis féin ach é fós ábalta gnóthaí na Cúirte a stiúru, ní foláir (*Amhráin Phiarais*, 106). **8.** Tabhair fé ndeara gur chóipeáil an Muirriannach pas filíochta do Risteard Mac Gearailt éigin in ARÉ 23 L 38 (11–12) agus mar sin ná beadh sé féin dall ar an ngné seo d’obair na gCúirteanna Filíochta. Dob é Donnchadh Rua Mac Conmara a d’esisigh an pas áirithe seo agus tá sé i gcló in Risteard Ó Foghludha (eag.), *Donnchadh Ruadh* (1933) 43–5. **9.** ‘Many cornered’ a chiallaíonn sé seo dar le Ó Duinnín, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* 1292–3 (s.v. uilleach, uilleannach). **10.** *gurb go nuig mise do ba inteacht do:* ‘gur chughamsa a d’fhéadfadh sé teacht’ nó a leithéid atá i gceist anso ach níl aon fhianaise agam ar an bhfoirm ‘inteacht’ a bheith in úsáid sa tslí seo in aon áit eile. Cumasc den rémír ‘in’ (‘capable of’, ‘fit for’, srl.) agus an t-ainm briathartha (nó ainmfhocal) ‘teacht’ atá ann. Cuirtear an rémír seo roimis an aidiacht bhriathartha de ghnáth chun aidiachtaí a chumadh m.sh. ‘inchurtha’, ‘indéanta’, srl. Foirm an mhodha choinníollaigh den gcopail atá againn anso gan amhras (*do budh* foirm na LS) agus féach, chomh maith, *do ba fhéidir* i dtreo dheireadh na litreach. **11.** *feidhmíúil:* buille fé thuairim é seo, á ghlacadh leis go bhféadfadh gur ‘feidhmeamhuil’ a bhí ina cheann ag Risteard. **12.** *biaidh:* is í foirm na LS ná ‘biadh’, agus cé go bhféadfaí an fhoirm seo a léamh mar mhodh ordaitheach ‘bíodh’, glacaim leis gur aimsir fháistineach atá anso – ‘it will be a (matter of) regret to you...’ – agus tá an fhoirm leasaithe agam dá réir sin. **13.** *mealltha:* cloím le foirm na LS anso i dtaobh gur dócha gur léiriú í ar chanúint an scríobhaí. An aidiacht so le fuaimniú mar /maulhə/ seachas /maultə/. Is minic, gan dabht, i gCúige Mumhan go séimhítear ‘t’ tar éis ‘l’ i gcásanna mar seo. Féach, mar shampla, Seán Ua Súilleabháin, ‘Gaeilge na Mumhan’ i *Stair na Gaeilge* (eag. McCone et al., Maigh Nuad 1994) 489–90. **14.** *gealla:* an tuiséal ginideach uimhir uatha de ‘geall’ atá anso ach gur cosúil gur baininsneach atá an focal ag Ó Muirriain seachas firinsneach mar atá sé ag Ó Duinnín, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Baile Átha Cliath 1927) 554 (s.v. geall). **15.** *chraobhachaibh:* ‘creachaibh’ foirm na LS. Léiriú ar chanúint an scríobhaí atá anso aríst sa mhéid is ná cloistear an ‘bh’ in iolra an fhocail seo sna Déise. Féach M. Sheehan, *Sean-chaint na nDéise* (Baile Átha Cliath 1944) 64. An focal le rá mar /kre:xəv/. Féach chomh maith nóta a 19. **16.** *feoite:* b’fhéidir gur léiriú ar chanúint an scríobhaí is ea foirm na LS ‘feáite’. **17.** *glíúndrach:* = gliondrach. Cloím le litriú na LS anso toisc gur léiriú ar chanúint an scríobhaí is ea é. **18.** *ciúil:* foirm mhalartúil de ghinideach uathu an fhocail ‘ceol’ atá anso, gan amhras. Tá an fhoirm ‘ciuil’ luaite ag an nDúinníneach (Foclóir Gaedhilge agus Béarla, 186) agus féach chomh maith Foclóir na Sean-Ghaeilge (DIL, 134). Coimeádaim ‘ú’ an scríobhaí anso. **19.** *craobhachaibh:* ‘cráochaibh’ foirm na LS. Féach nóta a 14

thuas. **20.** *na róid agus na raonta go huile scriosta:* ‘clúdach éadtrom cré a bheith ar na bóithre.’ Féach Brian Ó Cuív, *Cnósach Focal ó Bhaile Bhuirne* (Baile Átha Cliath 1947) 208 agus Niall Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Baile Átha Cliath 1977) 1066. **21.** *amhail parlúis:* ní gnáthach go leanann an tuiséal ginideach ‘amhail’ ach i dtaobh go mb’fhéidir gur léiriú é seo ar theanga na tréimhse leanaim an scríobhaí anso (‘amhuill parlúis’ atá sa LS); cf. ‘Amhail a mhuintire uile’ ag Nioclás Mac Craith, lch 177 thíos. **22.** *pioláid:* ‘piolóid’ foirm na LS ach é leasaithe agam de réir Uí Dhónaill, *Foclóir Gaeilge-Béarla*, 951 (s.v. pioláid, pioláid). **23.** *is grad an tsíocháin í:* ní fheadar cad é go díreach a bhí i gceist ag Ó Muirriain leis seo agus b’fhéidir ná fuil aon tábhacht ag baint leis, ach ritheann sé liom go mb’fhéidir gur tagairt é don líonrith agus don histéire a ghaibh pobal Caitliceach na tíre an bhliain roimis seo nuair a crochadh An tAthair Nioclás Mac Síthigh agus daoine eile mar gheall ar chúiseanna (bréagacha is cosúil) a cuireadh ina leith mar le dúnmharú agus mar le gníomhartha a bhain leis na Buachaillí Bána i gCo. Thiobraid Árann timpeall an ama san. Fé mar a deir Patrick Power in *Land Politics and Society in Eighteenth Century Tipperary* (Oxford 1993) 265: ‘This was the culmination of the hysteria, for at the March 1767 assizes the remainder of the chief Catholics ... were acquitted and passions abated thereafter.’ Deínim amach gur féidir a chruthú gur scrígh Piaras Mac Gearailt marbhchaoineadh ar dhuine des na daoine seo a crochadh i dTiobraid Árann i 1766 ach obair lae eile atá ansan, gan amhras. **24.** Tá an LS sínithe ag ‘Stephen Collins’ éigin ina dhiaidh so agus tá an méid seo i lámh Uí Mhuirriain níos faide thíos: ‘A do bheruim dhiet no dhod tíghrigh cart / dá fhithid geal gan pléadh gan phuinn dlíge air bith / fá thrusga na neamh anéirinn chillthista.’ Ní dócha go mbaineann sé seo leis an litir, áfach. Tá na focail ‘Reverend Sir be pleased’ scríte isteach bunoscionn ag bun an leathanaigh. Gabhaim baochas ó chroí le Pádraig Ó Macháin a léigh dréacht den alt so agus a dhein mórán moltaí fiúntacha go háirithe mar le téacs na litreach atá i gcló anso. Orm féin amháin, gan amhras, atá locht aon dearúid atá fós ann.